**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

# Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
# TUAIRISC

## Coláiste na Dea-Chomhairle
## Ros Mhic Treoin, Contae Loch Garman
## Uimhir Rolla: 63610I

**Dáta na cigireachta: 1 Feabhra 2012**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# TUAIRISC
# AR
# CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

---

## EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) na cigireachta** | 1 Feabhra 2012 |
| **Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu**<br>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha<br>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí<br>• Caidreamh le scoláirí | • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 4 thréimhse ranga<br>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí<br>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí |

## PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chumarsáide an-mhaith ar fad sna ranganna a breathnaíodh ach baineadh úsáid as an aistriúchán nuair nach raibh aon ghá leis i gcásanna áirithe.
- Baineadh úsáid as straitéisí cumarsáide éifeachtacha d'fhonn scoláirí a spreagadh chun cainte sa sprioctheanga i roinnt ranganna a breathnaíodh ach is gá na straitéisí sin a leathnú chuig na ranganna go léir.
- Moltar na hiarrachtaí atá ar siúl ag foireann mhúinte na Gaeilge chun taithí na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo a fhorbairt agus a chothú.
- Baineadh úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i roinnt cásanna a breathnaíodh ach d'fhéadfaí an úsáid sin a leathnú tuilleadh.
- Tá líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit go maith.

## PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar a chinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí éifeachtacha a chruthaíonn fíordheiseanna cumarsáide do scoláirí mar chuid de gach rang, ionas gur féidir leo úsáid fheidhmiúil a bhaint as an méid a fhoghlaimíonn siad sa rang.
- Moltar go gcuirfí clár comhchuraclaim agus eischuraclaim le chéile chun tuilleadh spreagtha a thabhairt do na scoláirí ó thaobh foghlaim na teanga de.
- Moltar go ndéanfaí scileanna cumarsáide na scoláirí go léir a mheas ón gcéad bhliain ar aghaidh agus go léireofaí torthaí an mheasúnaithe sin mar mharc ann féin sna tuairiscí a chuirtear chuig tuismitheoirí.

---

## RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí í Coláiste na Dea-Chomhairle a bhfuil rollúchán reatha de 777 scoláire aici. Cuirtear réimse cláracha ar fáil sa scoil lena n-áirítear an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht bhunaithe agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chumarsáide fíormhaith i gcás formhór na ranganna a breathnaíodh. Baineadh úsáid as an aistriúchán nuair nach raibh aon ghá leis i gcásanna áirithe agus moltar go n-aontódh roinn na Gaeilge ar pholasaí ina leith seo. Ba cheart go mbainfí úsáid as straitéisí eile chun tuiscint na scoláirí ar ábhar an cheachta a dheimhniú.

- Baineadh úsáid as straitéisí éagsúla i ranganna áirithe chun na scoláirí a spreagadh le dul i mbun cainte sa sprioctheanga. I gcás amháin a breathnaíodh, baineadh úsáid as cluiche chun deiseanna cumarsáide sa sprioctheanga a chruthú do na scoláirí. D'éirigh go maith leis seo cé gur gá a bheith cúramach faoi luas an chluiche do scoláirí nach bhfuil chomh hinniúil sin ar an teanga. Braitheadh gur cailleadh deiseanna le linn ceachtanna eile chun scoláirí a chur ag caint lena chéile sa sprioctheanga trí úsáid obair bheirte nó obair ghrúpa. Moltar a chinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí éifeachtacha mar chuid de gach rang a chruthaíonn deiseanna cumarsáide do scoláirí ionas gur féidir leo úsáid fheidhmiúil a bhaint as an méid a fhoghlaimíonn siad sa rang.

- Baineadh úsáid éifeachtach as an TFC i gcás formhór na gceachtanna a breathnaíodh agus moltar an úsáid sin go mór toisc gur chuir sé le tuiscint na scoláirí ar ábhar an cheachta. Cabhraíonn úsáid TFC le hábhar an cheachta a chur i gcomhthéacs do scoláirí agus tacaíonn sé lena gcuid foghlama i gcoitinne. Moltar go leathnófaí úsáid an TFC chuig na ranganna go léir. Moltar freisin go mbainfí úsáid as réimse níos leithne áiseanna agus acmhainní teagaisc sna ranganna. Moltar go mbainfí úsáid as na hacmhainní seo a leanas de réir mar is cuí: ceol, podchraoltaí, na meáin chumarsáide chlóite i nGaeilge agus i mBéarla, scannáin, cláracha teilifíse, pictiúir, grianghraif agus aon ábhar eile a bheadh tarraingteach agus spéisiúil do scoláirí agus a chabhródh le hábhar na gceachtanna a chur i gcomhthéacs comhaimseartha dóibh.

- Bhí roinnt ábhar bainteach le múineadh agus foghlaim na teanga ar an mballa i gcuid de na seomraí ranga. Moltar go gcuirfí leis an méid ábhar atá ar taispeáint chun tacú le foghlaim na scoláirí agus le forbairt na litearthachta sa Ghaeilge. Ba cheart tagairtí rialta a dhéanamh don ábhar seo sa rang agus aird na scoláirí a dhíriú ar chairteacha briathra agus foclóra agus iad ag iarraidh abairtí simplí a chruthú. Tá cúinne ar leith den scoil curtha ar leataobh le haghaidh na seomraí ranga Gaeilge agus táthar ag súil leis go mbeidh na scoláirí compordach ag labhairt na teanga san áit seo le himeacht aimsire. Ba cheart go gcuirfidh sé go mór le hiarrachtaí na múinteoirí sna seomraí ranga maidir le labhairt na Gaeilge, agus moltar é mar chur chuige.

- Cuireadh aidhmeanna agus spriocanna foghlama in airde ar an gclár bán ag tús an cheachta i gcúpla cás a breathnaíodh agus moltar an cleachtas sin a leathnú chuig na ranganna go léir.

- Moltar botúin ghramadaí agus fhoghraíochta a cheartú ar bhonn rialta gan cur as do fhéinmhuinín nó do rithim cainte na scoláirí. D'fhéadfaí úsáid níos leithne a bhaint as an athrá le cinntiú gur féidir le scoláirí focail agus frasaí nua a fhuainmiú agus a rá i gceart sa chomhthéacs ceart. Breathnaíodh cás amháin inar múineadh liosta focal gan aon chomhthéacs. Moltar go múinfí do scoláirí conas focail a fhuaimniú agus conas iad a chur in abairtí nuair atá foclóir nua á shealbhú. D'fhéadfaí úsáid éifeachtach a bhaint as

foclóirí ar líne sa rang agus ba cheart a thaispeáint do scoláirí conas iad a úsáid sa rang ar dtús ionas gur féidir leo iad a úsáid sa bhaile chomh maith.

### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá ceithre thréimhse Ghaeilge sa tseachtain ar fáil do na ranganna go léir sa tsraith shóisearach, cuirtear trí thréimhse ar fáil san Idirbhliain agus tá cúig thréimhse ar fáil don chúigiú agus don séú bliain. Moltar, más féidir, tréimhse bhreise amháin a chur ar fáil do cheann amháin de na bliainghrúpaí sa tsraith shóisearach ar a laghad.
- Moltar an obair atá ar siúl sa scoil chun próifíl níos airde a thabhairt don Ghaeilge lena n-áirítear ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge agus maisiú an chuid sin den scoil ina bhfuil roinnt de na seomraí ranga Gaeilge suite. Moltar freisin an obair atá ar siúl maidir le scoláirí a mhealladh chun freastal ar choláiste samhraidh cónaithe a eagraítear sa scoil gach bliain agus a bhfuil an-éileamh air. Freastalaíonn líon ard scoláirí ón scoil ar an gcoláiste seo agus tuairiscíodh go bhfuil sé seo tar éis tionchar an-dearfach a imirt ar dhearcadh na scoláirí i leith fhoghlaim na Gaeilge sa scoil i gcoitinne. Tugadh roinnt moltaí don bhfoireann faoi bhealaí ina bhféadfaí clár comhchuraclaim agus eischuraclaim don Ghaeilge a eagrú le linn na scoilbhliana go léir.
- Déantar scileanna cumarsáide na scoláirí a mheas go foirmeálta sa séú bliain faoi láthair agus tá roinnt plé ar siúl maidir leis an scrúdú béil roghnach don Teastas Sóisearach a chur i bhfeidhm sa tsraith shóisearach. Beag beann ar na scrúduithe stáit moltar go ndéanfaí scileanna cumarsáide na scoláirí a mheas go foirmeálta ón gcéad bhliain ar aghaidh agus go léireofaí torthaí an mheasúnaithe seo mar mharc ann féin sa tuairisc a chuirtear abhaile chuig tuismitheoirí.
- Tuairiscíodh go bhfreastalaíonn na múinteoirí ar na cúrsaí oiliúna a eagraíonn an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge agus moltar an cleachtas seo.

### PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Rinneadh pleanáil chúramach chuimsitheach do fhormhór na ranganna a breathnaíodh.
- Tá plean do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge curtha le chéile a chuimsíonn scéimeanna oibre an-bheacht agus moltar an obair a rinneadh ar an bplean seo go dáta. Agus an plean seo á fhorbairt tuilleadh sa todhchaí moltar go leagfaí na scéimeanna oibre amach ar theimpléad comónta ina mbeadh cur síos comhtháite ar thopaicí, modhanna múinte, acmhainní teagaisc, straitéisí cumarsáide, spriocanna foghlama agus modhanna measúnaithe. Moltar go leagfaí plean na hIdirbhliana amach ar bhonn modúlach más féidir, agus go mbeadh sé soiléir cad a bheadh ar siúl ag na scoláirí ó sheachtain go seachtain.
- Tá líon na scoláirí i mbun an ardleibhéil sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit go maith agus moltar go leanfadh roinn na Gaeilge lena chuid straitéisí chun an líon is airde scoláirí gur féidir a choinneáil i mbun an ardleibhéil.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

*Foilsithe Samhain 2012.*

# Aguisín

# Freagra na scoile ar an tuairisc

# Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Fáiltíonn Bord Bainistíochta na scoile an tuairisc se oar chaighdeán múineadh agus foghlaim na gaeilge i cColáiste na Dea-Chomhairle. Creidimid go n-athneartaíonn sé an caighdeán a bhfuilimid ag súil leis sna hábhair go léir, agus molaimid na múinteoirí Gaeilge go léir as ucht na tuairisce iontaí seo.

Tugann an Bord faoi deara go moltar na múinteorí as ucht úsáid ns gaeilge, i dteanta leis na daltaí a spreagadh i dtreo na Gaeilge, i gceithre chin den chúig oibre in áit sa tír nach gcuirtear béim ar an teanga sa phobal máguaird agus tá an-áthas ar an mBord go bhfuil páirt lárnach ag an scoil le cur chun cinn 'Coláiste Laighean', an t-aon coláiste samhraidh Gaeilge i ndeisceart na tire nó i gcúige Laighean fiú taobh amuigh de na gaeltachtaí. Cabhraíonn Coláists Laighean lenár muinteoirí an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil, i Ros Mhic Treoin agus sa cheantar mAguaird.

Athdhearbhaítear an Bord go bhfuil áit lárnach ag an nua-theicneolaíocht sna ranganna. Tá buiséad faoi le curtha ar leataobh ag an mbord chun cur leis na háiseanna iontacha seo atá ar fail sa scoil cheana féin. Déanfar na hoibrithe seo i gcomhair leis ne múinteoirí i Roinn na Gaeilge sa scoil.

Feicimid torthaí na n-iarrachtaí atá á déanamhiI leith na Gaeilge sa scoil sna huimhreacha arda atá ag tabhairt faoin ardleibhéal sna scrúdaithe stáit. Scrúdaítear cumas cumarsáide na daltaí i ngach rang agus i ngach bliain ghrúpa go rialta. Cuirtear béim faoi leith ar an gcumas seo go foirmiúil sa séu bliain nuair a scrúdaítear na daltaí ag scrúdaítheoir eachtrach roimh na béaltrialacha deireannacha. Fáiltíonn an scoil an moladh faoi scrúdú béil a thabhairt do gach dalta i ngach bliain ach ceapaimid gur fiú smaoineamh ar an gcur chuige seo ar bhonn náisiúnta.

Mar bhuille scoir, gabhann an coláiste buíochas leis an gcigireacht dá dtacaíocht agus dá moltaí dearfacha agus tá an Bord láidir den tuairim go dtabharfaidh an cuairt fíor-dhearfach seo spreagadh dár múinteoirí ina gcuid oibrithe dúshlánacha amach anseo.